



2020/1998(BUD)

13.10.2020

TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Buiséid

ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais
2021
(2020/1998(BUD))

Rapóirtéir don tuairim: Nikos Androulakis

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire gurb é bliain airgeadais 2021 an chéad cheann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2021-2027; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil tromlach caiteachais ar gníomhaíocht sheachtrach dírithe ar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), a bhfuil caibidlíocht reachtach idirinstiúdeach fós ar siúl maidir léi; á chur i bhfáth gur cheart an chaibidlíocht sin a thabhairt i gcrích le comhaontú a luaithe is féidir;
2. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil ainmníocht an chuid a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach chomh mionsonraithe agus leis an gceann a bhí ann cheana, á laghdú trédhearcacht, tuarthacht, cuntasacht, grinnscrúdú agus á chur teorainn ar acmhainneacht an údarais bhuiséadaigh chun roghanna buiséadacha a dhéanamh a léiríonn tosaíochtaí polaitiúla; á áitiú, dá bhrí sin, go bhfuil gá le struchtúr buiséid níos difreálaithe, le línte buiséid tiomnaithe do na tairbhíthe agus foréigiúin is tábhachtaí, d'fhonn feabhas a chur ar shoiléireacht agus inléiteacht an bhuiséid; ag tabhairt dá haire go bhfuil ainmníocht athbhreithnithe molta ag an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus an gCoiste um Fhorbairt atá oiriúnaithe do na hionstraimí nua, ach a thugann leibhéal ard sonraí isteach trí línte buiséid nua laistigh de na línte geografacha agus téamacha an-leathan atá molta ag an gCoimisiún; ag cur béim ar thacaíocht láidir ag an ainmníocht athbhreithnithe sa dá choiste;
3. ag diúltú do chiorruithe móra ar cheannteideal 6 sa chomhaontú ón gComhairle Eorpach maidir le CAI an 21 Iúil 2020, a d'fhágfadh NDICI ag leibhéal níos ísle ná na hionstraimí a bhí ann roimhe le linn na clárthréimhse airgeadais reatha, ag am ina bhfuil géarghá le ceannaireacht AE níos mó ná riamh; á chur in iúl gur oth leis an cinneadh ón gComhairle Eorpach chun fáil réidh leis an gcolún seachtrach de chuid Next Generation EU, eadhon breisiú EUR 10.5 billiún do NDICI atá molta ag an gCoimisiún; ag cur béim ar an bhfíoras, ag am ina bhfuil tábhacht níos mó ag teacht ar dhúshláin sheachtracha agus cúrsaí polaitíochta idirnáisiúnta agus gurb iad is mó atá faoi thrácht sa pholaitíocht idirnáisiúnta, ní mór a áirithiú go bhfuil maoiniú iomchuí ag gné sheachtrach bhuiséad an Aontais agus go bhfuil sé ullmhaithe chun freagairt a thabhairt gan mhoill ar dhúshláin reatha, dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus dúshláin a bheidh ann amach anseo; á iarraidh treisithe suntasacha do NDICI mar cheann de chlár shuaitheanta AE;
4. á iarraidh leibhéal chistithe mhéadaithe do chlár gheografacha agus théamacha faoi NDICI, i gcomhréir lena sheasamh ar an gcéad léamh maidir leis sin; á athdhearbhú a sheasamh gur cheart na clár théamacha laistigh de NDICI a athreisiú ionas gur féidir leis an Aontas a ról láidir sna réimsí tosaíochta sin a choimeád; á chur i bhfíoras go láidir go bhfuil a seasamh maidir leis na leithdháiltí do NDICI go hiomlán i gcomhréir leis na méideanna atá leagtha síos i gcéad léamh sheasamh na Parlaiminte ar NDICI;
5. á iarraidh go háirithe buiséad níos uailmhianaí ar chlár téamach chearta an duine de chuid na hionstraime, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin do chearta an duine timpeall an domhain, dúshláin atá ag méadú, atá ag éirí níos measa mar gheall ar

ghéarchéim COVID-19; á mheabhrú go leanann cosaint agus cur chun cinn chearta an duine timpeall an domhain de bheith mar ghnó lárnach de ghníomhaíocht sheachtrach AE; á athdhearbhú a tacaíocht láidir do chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear cosantóirí comhshaoil, go háirithe iad is mó atá i mbaol, agus á iarraidh cistí leordhóthanacha do thionscadal AE chun Cosantóirí a chosaint d'fhonn a gcosaint a leathnú agus a athreisiú; ag cur béim ar an bhfioras gur gá cistiú leordhóthanach a bheith ar fáil do ghníomhaíochtaí chun mionlaigh a bhfuil géarleanúint á déanamh orthu a chosaint; á chur i bhfios go láidir a thacaíocht, lena n-áirítear maidir le cistiú leordhóthanach, don Toscaire Speisialta um chur chun cinn saoirse reiligiúin agus creidimh lasmuigh den Aontas Eorpach, chomh maith leis na gníomhaíochtaí chun frith-Sheimíteachas agus cineálacha eile idirdhealaithe a chomhrac.

6. á athdhearbhú, ag am ina bhfuil bagairt níos mó ag teacht ar an daonlathas timpeall an domhain, a thacaíocht do chistiú atá dírithe ar mhisin breathnóireachta toghchán, lena n-áirítear breathnóirí áitiúla; á iarraidh cistiú méadaithe do mhisin breathnóireachta toghchán agus á chur i bhfáth a ról ríthábhachtach mar bhac láidir ar chalaos toghcháin agus foréigean agus ag an am céanna ag rannchuidiú le feabhas a chur ar thoghcháin amach anseo, ag cothú síochána agus forbartha agus ag tacú leis an daonlathas;
7. á iarraidh méadú ar línte buiséid do riachtanais agus tosaíochtaí maidir le beartas eachtrach, freagairt ar ghéarchéimeanna agus bearta géarchéime de chuid an chomhbheartais slándála agus cosanta sibhialtach chun deileáil le éifeachtaí drámatúla phaindéim COVID-19;
8. ag diúltú do líne bhuiséid chun ‘cúlchiste um dhúshlán agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn’ a thabhairt isteach, nach bhfuil aon fhaisnéis shuntasach curtha ar fáil ag an gCoimisiún maidir leis an úsáid atá beartaithe do chistí faoin líne sin; á áitiú nach bhfuil seic bán den chineál sin i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta daonlathaí agus ag baint an bonn de shainchumais an údarais bhuiséadaigh;
9. ag cur béim ar an ngá le cistiú méadaithe do thíortha sa Chomharsanacht Thoir agus Theas d'fhonn tacú le hathchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha agus chun tacú le haistrithe daonlathacha, le béim ar na comhpháirtithe is tiomanta á leanúint prionsabal ‘níos mó le haghaidh níos mó agus níos lú le haghaidh níos lú’; á iarraidh infheictheacht agus trédhearcacht mhéadaithe do chistiú AE sa chomharsanacht is gaire; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ionas nach ndéanfar aon chistiú a mhí-úsáid;
10. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht airgeadais AE níos mó ná EUR 980 milliún do Thíortha Chomhpháirtíochta an Oirthir i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 chun cabhrú chun dul i ngleic le riachtanais láithreach san earnáil sláinte;
11. á iarraidh, tar éis na forbairtí inníocha sa Bhealarúis, go gcruthófaí Ionadaí Speisialta nua don Bhealarúis, chun tacú leis an bpróiseas um aistriú síochánta cumhachta i gcomhréir le toil mhuintir na Bealarúise; ag cur béim ar an ngá le níos mó tacaíochta airgeadais do shochaí shibhialta, cosantóirí chearta an duine, ceardchumann neamhspleácha, na meáin neamhspleácha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha sa Bhealarúis, agus aon aistrithe airgeadais AE chuig rialtas reatha na Bealarúise á reo;
12. á chreidiúint go bhfuil sé tábhachtach leanúint de mhuintir a fhorbairt le Tíortha Chomhpháirtíochta an Oirthir agus go háirithe leis na tíortha lena mbaineann; á chur i

bhfios go láidir a thábhachtaí atá cearta bunúsacha, daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfear teorainn ar leithdháiltí don Asarbaiseáin agus don Bhealarúis chun tacú le sochaí shibhialta agus gníomhaithe neamhstáit, chomh maith le teagmhálacha idirphearsanta;

13. á mheabhrú na dúshláin atá roimh thíortha Chomharsanacht an Deiscirt go háirithe mar gheall ar fhorbairtí achrannacha sa réigiún, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do ghéarchéim COVID-19 agus an timpeallacht íogair slándála; den tuairim, go háirithe tar éis na heachtraí drámatúla sa Liobáin, ba cheart foráil a dhéanamh do thacaíocht mhéadaithe; á chur in iúl gur oth léi, 25 bliana tar éis sheoladh Phróiseas Barcelona, nach bhfuil limistéar rathúnais, chobhsaíochta agus shaoirse chomhroinnte le tíortha na Meánmhara na hAfraice Thuaidh curtha i gcrích fós;
14. á iarraidh tacaíocht mhéadaithe do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear, á thabhairt aitheantas dá ról riachtanach mar sholáthróir aonair seirbhísí riachtanacha do na milliúin dídeanaithe ón bPalaistín agus mar infheistíocht do shlándáil, cobhsaíocht agus forbairt sa réigiún;
15. á moladh, d’fhonn tacú le réiteach síochánta ar an gcoinbhleacht sa Libia, líne bhuiséid thiomnaithe do ‘thacaíocht don phróiseas polaitíochta sa Libia’;
16. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá próiseas aontachais na dtíortha de chuid na mBalcán Thiar; á iarraidh cistiú méadaithe chun tacú le rannpháirtíocht AE sa réigiún, go háirithe i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus a héifeachtaí eacnamaíocha; á chur in iúl gur geal léi an bhéim níos láidre ar chistiú faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) ar na buntosca, mar a thugtar orthu, go háirithe an daonlathas, an smacht reachta, urraim ar chearta an duine agus cearta bunúsacha, dea-rialachas agus sochaí shibhialta, chomh maith le teagmhálacha idirphearsanta;
17. á chur i bhfios go mbeartaítear san ainmníocht athbhreithnithe atá molta ag an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha línte buiséid ar leith leis na Balcáin Thiar agus leis an Tuirc; á áitiú an gá le línte buiséid tiomnaithe don Tuirc i bhfianaise chineál an-íogair chistiú AE don Tuirc;
18. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh leithdháileadh chistí IPA a bheith coinníollach ar urraim ar an smacht reachta, daonlathas, cearta an duine, i ndlí Eorpach agus idirnáisiúnta, cearta ceannasacha na mBallstát agus prionsabal an dea-chaidrimh chomharsanúil; á chur i bhfios go láidir, mar gheall ar shleamhnú siar sna réimsí sin ar fad, gur cheart leithdháilte don Tuirc fanacht ar leibhéal laghduithe go suntasach agus a bheith teoranta do na buntosca, mar a thugtar orthu; ba cheart go mbeadh cistiú don Tuirc bainistithe go díreach ag AE agus a bheith dírithe ar thacaíocht do shochaí shibhialta agus teagmhálacha idirphearsanta amháin agus é mar chuspóir aige luachanna agus prionsabail dhaonlathach, cearta an duine agus an smacht reachta a chosaint agus a chur chun cinn; á chur i bhfáth go bhfuil sé in am cur chuige difriúil a bheith ann maidir leis an Tuirc;
19. á chur i bhfáth freagracht AE chun tacú le cosaint an Artaigh; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá infheistíocht i bhforbairt Bheartas AE maidir leis an Artach níos comhleanúnaí;

20. á mheabhrú a tábhachtaí atá caidreamh AE le hilchríoch na hAfraice tugtha chun suntais ag ceannairí polaitiúla Eorpacha, agus a chur i bhfáth dá bhrí sin an gá le focail a mheaitseáil le gníomhaíochtaí agus cistiú leordhóthanach a chur ar fáil d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán agus deiseanna sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma ar féidir an Eoraip agus an Afraic aghaidh a thabhairt orthu le chéile; ag cur béim ar an ngá le cistiú méadaithe d'fhorbairt agus slándáil thíortha na Saiheile;
21. á mheabhrú gur gá measúnú a dhéanamh ar ionstraimí, tionscadail nó cláir i bhfianaise an chomhaontaithe ghlais go ginearálta agus cuspóirí aeráide an Aontais go háirithe, agus ba cheart iad a thabhairt san áireamh go hiomlán;
22. á áitiú gur cheart don Bhanc Eorpach Infheistíochta tuairisciú ar bhealach tráthúil cuimsitheach maidir lena chaiteachas seachtrach ar fad do na coistí ábhartha;
23. á chur in iúl gur oth leis leibhéal íseal cistithe do cheannteideal 5, agus go háirithe don Chiste Eorpach Cosanta agus do shoghluaisteacht mhíleata; á iarraidh cistiú méadaithe don Chiste Eorpach Cosanta d'fhonn bonn tionsclaíoch cosanta atá nuálaíoch agus iomaíoch a chothú go hiomlán lena rannchuideofar le huathriail straitéiseach AE a bhfuil géarghá leis;
24. á iarraidh cistiú méadaithe do shoghluaisteacht mhíleata agus é mar aidhm cabhrú leis na Ballstáit gníomhú ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le cistiú leordhóthanach chun tacú le misin agus oibríochtaí faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta, lena n-áirítear trí bhearta amhail bonneagar iompair dé-úsáide a chistiú agus ceadanna taidhleoireachta agus rialacha custaim a shimpliú;
25. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhbheartas slándála agus cosanta AE a cheapadh de réir a chéile; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhar Eorpach maidir le cúrsaí cosanta a fheabhsú ós rud é ní hamháin go ndéanann sí an Eoraip agus a saoránaigh níos sábháilte, ach go mbíonn laghdú ar chostas mar thoradh uirthi freisin, rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó airgid ar fháil do cúrsaí práinneacha eile; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirilnte straitéiseacha a mholadh chun an comhar struchtúrtha buan a neartú;
26. á athdhearbhú na ráitis uaithi roimhe seo maidir le bagairtí a bhaineann leis an gcibearshlándáil chomh maith le scaipeadh na bréagnuachta; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, an gá go ndéanfaidh buiséad an Aontais aghaidh níos fearr agus freagairt níos fearr a thabhairt an na príomhdhúshlán sin ar leibhéal cothrománach, lena n-áirítear go háirithe ag ceanncheathrú lárnach AE, chomh maith lena thoscaireachtaí timpeall an domhain; á iarraidh cistiú níos mó agus níos buaine do ghníomhaíochtaí cumarsáide straitéisí chun feachtais bhréagaisnéise, bolscaireacht agus tionchar eachtrach a chomhrac, go háirithe do thionscadal suaitheanta de chuid na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí - Tascfhórsa Cumarsáide Straitéisí an Oirthir - AE vs. Bréagaisnéis;
27. á athdhearbhú an tuairim láidir atá aige gur cheart nasc níos dlúithe a bhunú idir an Pharlaimint agus na parlaimintí náisiúnta faoi seach i dtíortha a bhfuil spéis straitéiseach ar leith ag baint leo do AE, go háirithe tíortha aontachais agus tíortha comhlachaithe Chomhpháirtíochta an Oirthir, agus dá bhrí sin á iarraidh cistiú leordhóthanach chun foireann breise a áirithiú chun feabhas a chur ar réimse tábhachtach an chomhair

pharlaimintigh;

28. ag diúltú do chiorruithe na Comhairle ar bhuiséad riaracháin na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí; á iarraidh ar an Rapóirtéir don Choiste um Buiséid go ndéanfaidh roinn X an dréachtbhuiséad a athbhunú maidir leis na línte ar fad a bhfuil ciorruithe déanta ag an gComhairle orthu i roinn X.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|--|
| Dáta an ghlactha | 12.10.2020 |
| Toradh na vótála críochnaithí | +: 44 -: 10 0: 11 |
| Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Alviina Alametsä, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Lukas Mandl, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmaz Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Jérôme Rivière, María Soraya Rodríguez Ramos, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Željana Zovko |
| Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Nikos Androulakis, Vladimír Bilčík, Andrea Bocskor, Bart Groothuis, Andrzej Halicki, Evin Incir, Katrin Langensiepen, Marisa Matias, Hannah Neumann, Juozas Olekas, Kris Peeters, Paulo Rangel, Frédérique Ries, Nicolae Ștefănuță, Ernest Urtasun, Mick Wallace |
| Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Margrete Auken, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Carlos Zorrinho |

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 44 | + |
|-------|--|
| PPE | Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Kinga Gál, Andrzej Halicki, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| S&D | Nikos Androulakis, Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev, Nacho Sánchez Amor |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans |
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi |

| 10 | - |
|---------|--|
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Thierry Mariani, Jérôme Rivière, Harald Vilimsky |
| ECR | Hermann Tertsch, Charlie Weimers |
| GUE/NGL | Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz |
| NI | Kostas Papadakis |

| 11 | 0 |
|-----------|--|
| PPE | David Lega, Lukas Mandl |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Hannah Neumann, Jordi Solé, Tineke Strik, Ernest Urtasun, Viola Von Cramon-Taubadel, Salima Yenbou |
| ECR | Anna Fotyga, Jacek Saryusz-Wolski |

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh